Mar sin féin, in 2016 tá an chríochdheighilt ag leanúint den bhac a chuireann sí ar acmhainneacht pholaitiúil, eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na hÉireann agus na nÉireannach. Diúltaíodh do bheartas déine Rialtas Coimeádach na Breataine ag gach toghchán i dTuaisceart na hÉireann. Dá ainneoin seo, bhrúigh Rialtais Tóraithe, ceann i ndiaidh a chéile, ciorruithe aischéimnitheacha ar sheirbhísí agus ar an leas sóisialta sa Tuaisceart. Idir an dá linn, leanann Westminster de chumhachtaí fíoscacha a choinneáil, cumhachtaí ar den ríthábhacht iad le geilleagar an Tuaiscirt a bhainistiú agus a fhorbairt. Tá oileán na hÉireann á riar faoi láthair ag dhá stát agus ag trí rialtas - i mBaile Átha Cliath, i mBéal Feirste agus i Londain. Tá an córas seo diomailteach, mí-éifeachtach agus ní éiríonn leis tús áite a thabhairt do leas mhuintir na hÉireann, a bhfuil fíis chomhtháite don oileán de dhíth ina leith.

Drochscéala é Brexit do mhuintir na hÉireann, ó thuaidh agus ó dheas. Mar sin féin, is féidir deis ar leith a thapú le breathnú ar am atá le teacht gan críochdheighilt, gan seicteachas ná scoilt agus i dtreo Éire nua a bheidh aontaithe agus comhaontaithe agus a bheidh le leas gach duine ar an oileán seo.

Caithfidh comhpháirtithe polaitiúla, sóisialta, páirtithe leasmhara cathartha agus an pobal i gcoitinne díriú ar obair i bpáirt lena chéile le tabhairt faoi na dúshlán seo trínár socruithe bunreacha, polaitíochta agus eacnamaíochta féin a chruthú a fhóireann do riachtanais reatha na hÉireann.

Creideann Sinn Féin go diongbháilte in Éirinn nua, aontaithe.

Is é aidhm na plécháipéise seo an díospóireacht a spreagadh agus an cás ar son an chomhaontaithe a

chur i láthair. Ní bhaineann Éire aontaithe leis an dá chuid d'Éirinn a tháthú dá chéile.

Is deis é chun Éire Nua a chruthú.

Deis leis an chuid is fearr den dá stát a ghlacadh le tógáil as an nua.

Deis le stát nua a chruthú ina gcinnteofar saoirsí reiligiúin agus sibhialta, ina mbeidh comhchearta agus comhdheiseanna do gach saoránach agus ina mbeidh cearta ag saoránaigh - lena n-áirítear cearta ar phost, ar áit chónaithe, ar chaighdeán fiúntach oideachais, ar thimpeallacht ghlan agus ar sheirbhís sláinte a thugann cúram do chách.

Deis lenár gcultúir agus féiniúlachtaí uile a cheiliúradh agus a chuimsiú.

Deis le Seirbhís Sláinte Náisiúnta chearta a fhorbairt.

Ní cáipéis saintreorach í seo maidir leis an chuma a bheidh ar Éirinn aontaithe, ná ní meastóireacht chuimsitheach í ar bhuntáistí an aontaithe. Is é is cuspóir dó díospóireacht a spreagadh ar an cheist ríthábhachtach seo agus léargas a thabhairt ar an Éirinn nua a d'fhéadfaí a chruthú - Éire nua ina mbeidh meas ar chearta an uile shaoránaigh agus ina soláthrófar an rachmas, an comhionannas agus an uileghabhálacht.

Theip ar chríochdheighilt na hÉireann; leanann sí de bhac a chur orainn.

I gComhaontú Aoine an Chéasta bronnadh todhchaí bhunreachtúil na hÉireann orthu siúd a chomhroinneann an t-oileán. Tá cúram orainn uile an díospóireacht a thionscnamh agus beartú i dtreo Éire nua, aontaithe, comhaontaithe ina mbeidh comhionannas agus ilchineálacht.

Tá Sinn Féin uaillmhianach - uaillmhianach ar son ár dtíre agus mhuintir na tíre.

Ba chóir dúinn i gcónaí a bheith thar a bheith dóchasach agus a thuiscint nach bhfuil aon rud ann nach bhfuil ar ár gcumas a bhaint amach má bhíonn muid tiomanta chun é a ghnóthú.

Is é atá de dhíth go mbeidh gach páirtí, eagrais agus duine aonair ar mian leo Éire a aontú, lán chomh huailmhianach agus chomh tiomanta céanna a dtuairimí a leagan amach agus an díospóireacht a thabhairt chun tosaigh.

Creideann muid gur Éire nua, aontaithe an bealach is fearr chun cinn. Is é aidhm na plécháipéise seo an díospóireacht a spreagadh agus cás an aontaithe a chur i láthair.

**GERRY ADAMS TD**  
Úachtarán Shinn Féin

**Réamhrá -  
Le 'Brexit' Athraíodh  
Gach Rud**

# Réamhrá - Le 'Brexit' Athraíodh Gach Rud

Tá ceist na tola polaitiúla ag croí Chomhaontú Aoine an Chéasta. I ndiaidh thoradh reifreann 'Brexit' is cosúil go bhfuil an Bhreatain réidh leis an AE a fhágáil agus go ndéanfaidh Rialtas na Breataine neamhiontas de thoil dhaonlathach fhorhóir mhuintir Thuaisceart na hÉireann.

Tacaíonn Sinn Féin le bunú fhóram uile-Éireann le tionchar reifreann 'Brexit' a fiosrú agus a chinntiú go scrúdófar roghanna a dhéanfar amach anseo a bheidh le leas shaoránaigh an Tuaiscirt agus an Deiscirt.

Creideann Sinn Féin go soláthrófar daonlathas iomlán do gach duine ar an oileán trí Éire nua, aontaithe, lena n-áirítear cheart bhunadh an Tuaiscirt fanacht san AE.

Creideann muid gurbh fhearrde Éire córas aonair eacnamaíochta a bheith againn seachas dhá chóras atá san iomaíocht lena chéile agus go bhfuil muintir na hÉireann faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar dhúbailt agus easpa comhtháthú seirbhísí ó thuaidh agus ó dheas.

Tá na pointí seo uile leagtha amach go soiléir anseo le go dtig le daoine machnamh orthu agus a gcomhairle féin a shocrú.

Is faoi mhuintir na hÉireann, thuaidh agus theas, atá



sé todhchaí pholaitíochta na hÉireann a shocrú. Tá foráil i gComhaontú Aoine an Chéasta, a caibidlíodh in 1998, le haghaidh reifreann ar athaontú na hÉireann agus tá Sinn Féin i mbun feachtais le go dtionólfar Reifreann ar Aontú.

Tá peirspectíocht amháin sa phlécháipéis seo ar bhuntáistí, struchtúir agus impleachtaí Éire a bheith aontaithe. Is ann do pheirspectíochtaí eile.

Is den rithábhacht go gcuirfear tús láithreach le plé oscailte, uileghabhálach, bunaithe go hiomlán ar eolas agus ina mbeidh an uile dhuine páirteach ar thodhchaí na hÉireann.

I dTaca Linne de, creideann Sinn Féin gur cuidiú iad na croíchéimeanna seo a leanas le hathaontú na hÉireann a thabhairt chun cinn agus a ghnóthú:-

- ▶ Cuspóirí daonlathacha an fhéinrialaithe, an athmhuintearais agus an aontaithe a chur chun cinn;
- ▶ Plé náisiúnta oscailte, uileghabhálach ar aontú na hÉireann a thionscnamh, ina mbeidh saoránaigh, páirtithe polaitíochta, páirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta, thuaidh agus theas, páirteach;
- ▶ Foilsiú Páipéar Glas ar Aontú na hÉireann ina sainaitheofar céimeanna agus bearta faoi choinne aistriú rathúil i dtreo Éire aontaithe;
- ▶ Bunú Chomhchoiste Oireachtais um Athaontú na hÉireann a mbeidh de thasc aige an t-aistriú i dtreo aontú na hÉireann a leagan amach, a thabhairt chun cinn, a mhonatóirí agus a athbhreithniú;
- ▶ Ceapachán Aire Stáit de chuid Rialtas na hÉireann ar a mbeidh de fhreagracht shainiúil straitéisí le haontú na hÉireann a fhorbairt agus beartais uile-Éireann an rialtais a chomhordú;
- ▶ An Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas coiste a bhunú a mbeidh de thasc sonracha aige an chomhoibriú i ngach réimse a chomhoiriúnú agus a uasmhéadú le go mbeidh sé le leas na saoránach uile;
- ▶ Comhordú pleanáil eacnamaíochta ar bhonn uile-oileáin;
- ▶ Ranna rialtais, Thuaidh agus Theas, dul i gceann comhsholáthar seirbhísí poiblí agus scála ama agus straitéis a fhoilsiú faoi choinne comhtháthú iomlán seirbhísí poiblí, Thuaidh agus Theas;
- ▶ Plé le Coimisiúin agus forais an AE lena scrúdú cén tacaíocht phraiticiúil a thig leo a thabhairt le próiseas éifeachtach athaontaithe a éascú;
- ▶ Rialtais na hÉireann agus na Breataine a gcuid gealltanais uile atá i gComhaontú Aoine an Chéasta agus i gcomhaontuithe eile ina dhiaidh sin a chomhlíonadh, reifreann ar aontú na hÉireann san áireamh;
- ▶ Reifrinn chomhthráthacha, Thuaidh agus Theas, ar athaontú na hÉireann a thionól.

# Caidreamh Nua d'Éirinn Nua

# Caidreamh Nua d'Éirinn Nua

TÁ TOSCA POLAITÍOCHTA ar mhór-roinn na hEorpa, sa Bhreatain agus in Éirinn ag cruthú deiseanna as an nua faoi choinne caidreamh nua idir an dá thraidisiún stairiúla ar oileán na hÉireann.

Tá siad siúd ann i measc na nAontachtach, go háirithe i measc an aosa óig agus i measc Aontachtach atá liobrálach nó nach bhfuil chomh coimeádach, atá toilteanach na deiseanna seo faoi choinne cruthú sochaí chomhroinnte, níos fearr a fhiosrú. Maidir le roinnt Aontachtach sa tuaisceart, is tarraingtí ná riamh a bheith mar chuid d'Éirinn a bheidh athshamhlaithe agus níos leathanaigeantaí.

Is é an toradh a bheidh ar athaontú na hÉireann, caidreamh úr agus níos fearr in Éirinn, idir Éire agus an Bhreatain agus idir Éire, mór-roinn na hEorpa agus an chuid eile den domhan.

Beidh Éire nua, aontaithe iolraíoch, uileghabhálach agus glacfar le hilchineálacht iomlán mhuintir na hÉireann. Is traidisiún Éireannach é an traidisiún Oráisteach agus caithfear teacht chun réitigh le féiniúlacht Bhriotanach a lán de bhunadh an Tuaiscirt in Éirinn a bheidh comhaontaithe agus athaontaithe.

## D'FHÉADFADH NA GNÉITHE SEO A BHEITH I gCEIST

- ▶ Bunreacht nua, d'Éirinn nua, aontaithe;
- ▶ Bille Ceart do gach saoránach agus cairt uile-Éireann um chearta bunúsacha;
- ▶ Siombailí agus suaitheantais nua a léireoidh Éire uileghabhálach, chomhaontaithe;
- ▶ Coinneoidh daoine a saoránacht Bhriotanach más mian leo agus de cheart acu é seo a thabhairt ar aghaidh dá gcuid páistí gan dochar do shaoránacht na hÉireann;
- ▶ Ráthaíocht bhunreachtúil ar chóras iolraíoch oideachais ina léireofar an dá phríomhthraidisiún ar an oileán agus na cultúir agus eitneachtaí eile sin a tháinig chun an oileáin seo le blianta beaga anuas;
- ▶ An stát tacaíocht agus spreagadh a thabhairt don Ghaeilge agus don chultúr Ghaelach agus iad a bheith níos éasca a rochtain ag gach saoránach, agus a dhála sin ag an Ultais;
- ▶ Aitheantas bunreachtúil d'fhéiniúlacht uathúil Aontachtaigh an Tuaiscirt agus d'fhéiniúlacht chultúrtha Bhriotanach líon suntasach daoine i dTuaisceart na hÉireann;
- ▶ Aitheantas a thabhairt don ghaol idir Aontachtaigh agus monarcacht na Breataine;
- ▶ Aitheantas don ionad atá ag na hinstiúidí dílse (an tOrd Oráisteach san áireamh) i saol cultúrtha an náisiúin;
- ▶ Leasuithe ar Bunreacht na hÉireann le tionchar follasach eaglais nó creideamh ar leith a chealú;



# Éire nua - polaitíocht nua

**"Gura tuar é an tóstal seo ar lá a n-oibreoidh muintir na hÉireann, Thuaidh agus Theas, faoi Pharlaimint amháin nó faoi dhá Pharlaimint faoi mar a shocraíonn na Parlaimintí sin iad féin, i gcomhpháirt ar son an ghrá atá acu uile d'Éirinn ar dhúshraith dhaingean an chomhcheartais agus measa."**

- Rí Seoirse V, teachtaireacht do Pharlaimint Stormont, 7ú Meitheamh 1921

**"Is i toil dhiongbháilte náisiún na hÉireann, go sítheach cairdiúil, na daoine go léir a chomhroinneann críoch oileán na hÉireann i bpáirt lena chéile, in éagsúlacht uile a bhféiniúlachtaí agus a dtraidisiún, a aontú, á aithint gur trí mhodhanna síochánta amháin le toiliú thromlach na ndaoine, á chur in iúl go daonlathach, sa dá dhlínse san oileán, a dhéanfar Éire aontaithe a thabhairt i gcrích."**

- Ó Alt 3 de Bhunreacht na hÉireann, mar a leasíodh in 1998 agus mar a d'fhaomh 94% de vótálaithe Dheisceart na hÉireann

Faoi láthair, tá aontachtaigh in Éirinn scoite ar imeall chóras polaitíochta na Breataine agus gan iontu ach 2% den daonra.

Lena chois sin, tá athruithe suntasacha déimeagrafacha ag titim amach sa Tuaisceart mar gheall ar an líon daoine a deir gur féiniúlacht Bhriotanach atá acu a bheith ag titim agus an líon daoine a deir gur féiniúlacht Éireannach nó Tuaisceart na hÉireann atá acu a bheith ag méadú. Dá mbeadh Éire aontaithe, bheadh 20% den daonra ina nAontachtaigh agus bheadh údarás dáiríre acu le cois cumhachta agus tionchair - seachas

mionlach beag bídeach a ndéantar neamhiontas díobh, den chuid is mó i gcóras parlaiminteach an Breataine.

Cruthaítear leis seo uile cur chuige níos oscailte, níos samhlaíche, níos solúbtha maidir le hathaontú na hÉireann.

D'fhéadfaí comhréitigh agus socrúithe nua polaitíochta a úsáid le deighiltí pobail, cultúir agus seicteacha a sháru.

Sinne uile ar mian linn Éire aontaithe a fheiceáil, is gá dúinn a bheith réidh le breathnú ar shocrúithe eatramhacha.

D'fhéadfadh na gnéithe seo a leanas a bheith i gceist:-

- ▶ Déabhlóid leanúnach ag Stormont agus Feidhmeannas cumhachtroinnte sa Tuaisceart taobh istigh de struchtúr uile-Éireann;
- ▶ Socrú cónaidhme nó comh-chónaidhme;
- ▶ Stát aonadach;
- ▶ Socrúithe eile

D'fhéadfadh sé go mbeadh cosaintí bunreacha de dhíth ar Éirinn nua, aontaithe maidir le féiniúlacht pholaitiúil aontachtach

a gcaithfear a dheimhniú dóibh go mbeidh ionad cuí agus tionchar polaitiúil acu in aon dispeansáid nua.

D'fhéadfadh na gnéithe seo a leanas a bheith i gceist:-

- ▶ Móraimh ualaithe parlaiminte maidir le reachtaíocht ar cheisteanna bunúsacha sa chás go sainaithneofar ceisteanna bunúsacha den chineál seo agus go gcomhaontófar iad roimh athaontú;
- ▶ Líon íosta ráthaithe síochán d'ionadaithe aontachtacha sa teach uachtarach i gcomhthéacs Éire aontaithe;
- ▶ Socrúithe eile.



## Caidreamh nua leis an mBreatain

IS FADA CAIDREAMH naimhdeach idir Éire agus an Bhreatain. Ach chomh maith le scéal an choilínithe, na coimhlinte agus na deighilte bhí go leor eispéiris dhearfacha, chomhroinnte eadrainn thar na céadta bliain.

Chuir agus cuireann scríbhneoirí na hÉireann go han-mhór le litríocht an Bhéarla. Tá na Gaeil ag lonnú agus ag obair sa Bhreatain leis na glúine fada. Tá teanga chomhonta againn. Sa spórt, baineann muintir an dá tír sult as an iomaíocht bheoga, fholláin. Bíonn go leor Éireannach agus daoine ar de shíolrach na hÉireann iad go mór chun tosaigh i gcúrsaí polaitíochta, gnó agus i dtionscal siamsaíochta na Breataine. Tríd an phróiseas síochána agus Comhaontú Aoine an Chéasta, cuireadh dúshraith ar fáil le caidreamh nua a chothú idir Éire agus an Bhreatain bunaithe ar an chomhpháirtíocht, an comhionannas agus an cóimheas. Caithfidh rialtais na hÉireann agus na Breataine agus Feidhmeannas an Tuaiscirt ról iomlán a ghlacadh leis an phróiseas seo a fhorbairt a thuilleadh.

Le linn a cuairte stairiúla ar Éirinn in 2011, thug Banríon Eilís na Breataine le fios go soiléir gur mian léi a bheith mar chuid de phróiseas athmhuintearais agus cothú dea-chaidrimh.

Nuair a casadh Martin McGuinness ar an Bhanríon Eilís i mBéal Feirste, nuair a chuaigh Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins ar cuairt stáit chun na Breataine agus nuair a bhuaill Gerry Adams leis an Phríonsa Charles i nGaillimh, ba cheannródaíoch na hócáidí iad.

Má tá tuilleadh dul chun cinn suntasach le déanamh i dtreo an athmhuintearais idir oileán na hÉireann agus an Bhreatain, idir an Tuaisceart agus an Deisceart agus idir na traidisiúin éagsúla ar an oileán seo, caithfidh an t-athmhuintearas a bheith le mothú ar na sráideanna agus inár bpobail.

Bheadh tionchar thar a bheith dearfach ag Éirinn a bheith comhaontaithe agus athaontaithe ar an chaidreamh Angla-Éireannach agus chuirfeadh sé tús le gaol nua bunaithe ar an comhionannas agus an cóimheas.

## An Ghné Idirnáisiúnta

Is eiseamláir idirnáisiúnta é cheana féin próiseas síochána na hÉireann mar shamhail réiteach coimhlinte ar éirigh léi. D'fhéadfadh Éire a aontófar go daonlathach a bheith ina sampla don domhan agus ina guth ionraic idirnáisiúnta don athrú síochánta bunreachtúil agus don athmhuintearas.

Tá suim ag Aontas na hEorpa agus ag an phobal idirnáisiúnta agus infheistíocht déanta acu i bpróisis idirthréimhseacha athaontú náisiúnta, sa Ghearmáin san áireamh.

Cuimseofar i bpróisis athaontú na hÉireann breathnú ar thacaíocht don athaontú ón Bhreatain, ón AE agus ó chomhlachtaí idirnáisiúnta.

Ba mhór an fhoinsé chúnaimh iad Cistí Struchtúracha na hEorpa don Ghearmáin nuair a aontaíodh ar dtús í agus ba chruthúnas é sin ar dhlúthpháirtíocht na hEorpa leis an bhallstát AE seo.

Tá seirbhísí Choimisiúin na hEorpa ag obair faoi láthair ar bhearta féideartha le tacú leis an phróiseas athaontaithe sa Chipir.



# Diaspóra na hÉireann

Tá 70 milliún duine timpeall na cruinne a dtéann a bhfréamhacha siar go hÉirinn. Bhí go leor acu sa Bhreatain, i SAM, Ceanada, san Astráil agus gach cearn den domhan a thug an-chuid tacaíochta don phróiseas síochána. B'éigean dóibh féin nó dá sinsir, ag dul siar na céadta bliain, teitheadh as Éirinn le héalú ar ghéarleanúint reiligiúin nó pholaitíochta nó ar chúiseanna eacnamaíochta. Sna náisiúin seo inar lonnagh siad sa lá atá inniu ann, tá na Gaeil go gníomhach sa saol polaitiúil, sa spórt agus siamsaíocht agus i bpobail áitiúla - i ngach gné den tsochaí.

Mar shampla, in 2001, bhí 674,786 duine i Sasana a rugadh in Éirinn (1.4 faoin chéad den daonra).

Is é seo an pobal is mó de dhaoine a rugadh in Éirinn ach a chónaíonn thar lear (seachas daoine ar de shíolrach na hÉireann iad) áit ar bith ar domhan. Táthar ag meas gur de shinsearach

Éireannach 35% de bhunadh Mhanchain. I suirbhé a rinneadh i Londain roinnt mhaith blianta ó shin, dúirt 11% díobh sin a ghlac páirt gurbh as Éirinn duine amháin, ar a laghad, dá dtuismitheoirí. Mar sin de, tá tacaíocht mhór fhéideartha sa Bhreatain féin le tacaíocht a fhorbairt d'Éirinn Aontaithe.

Sna Stáit Aontaithe, tá na milliún duine ar de shinsearach na nGael iad agus tá cumhacht shuntasach pholaitiúil acu. Lena chois sin, tá siad eagraithe trí réimse d'eagrais Ghaelacha chultúrtha, spóirt agus chathartha chomh maith le lucht gnó, sa pholaitíocht áitiúil, stáit agus náisiúnta agus i ngluaiseacht na gceardchumann. Tacaíonn go leor acu go hoscailte le hÉire a bheith aontaithe. Is gá, mar sin de, nuair a bhítear ag caibidil athaontú na hÉireann Diaspóra na nGael a bheith páirteach agus is gá dul i dteagmháil leo agus feidhm a bhaint as a gcumhacht pholaitiúil le tacú lenár gcuspóirí.





# Praghas na Críochdheighilte



## Praghas na Críochdheighilte

CHUIR AN CHRÍOCHDHEIGHILT bac ar fhás eacnamaíochta ar fud an oileáin. Ar feadh na mblianta, ba é an Deisceart a bhí thíos leis óir bhí sé deighilte ón Tuaisceart inar mhó an fhorbairt tionsclaíochta.

Roimh 1922, is ó thionscail i mBéal Feirste agus sa cheantar máguaird a tháinig £19.1 milliún de luach £20.9 milliún easpórtálacha na hÉireann. Faoi 1926, ní raibh ach 7% de phoist an Deiscirt in earnáil na déantúsaíochta; 30% an figiúr sa Tuaisceart. Sna blianta i ndiaidh na críochdheighilte, áfach, tháinig feabhas suntasach ar fheidhmíocht eacnamaíochta an Deiscirt.

San am céanna chuir staid an Tuaiscirt mar réigiún iargúlta de chuid an "Ríocht Aontaithe" bac ar scóip a fheidhmíochta eacnamaíochta.

90 bliain i ndiaidh na críochdheighilte, agus

cumhachtaí eacnamaíochta ar ais i mBaile Átha Cliath, d'éirigh OTI per capita i nDeisceart na hÉireann lán chomh hard leis an Bhreatain agus ar deireadh d'éirigh sé ní b'airde. Idir an dá linn, tháinig laghdú ar OTI per capita i dTuaisceart na hÉireann go dtí beagán faoi bhonn 80% de mheán na Breataine. Mhéadaigh ioncain sa Tuaisceart faoi chúig le 60 bliain anuas ach mhéadaigh siad faoi fiche sa Deisceart. Ba é an toradh a bhí ar an chríochdheighilt réigiúin na Teorann a bheith scoite óna gcúlchríocha nádúrtha eacnamaíochta agus tá siad faoi mhíbhuntáiste go fóill mar gheall ar easpa comhsheasmhacht eacnamaíochta de dheasca dhá chóras geilleagair a bheith ar oileán chomh beag seo. Is léir go dtiocfadh feabhas ar a bhfuil i ndán do gheilleagar an oileáin ina iomláine ar chaighdeán mhaireachtála, Thuaidh agus Theas, ach an tír a athaontú.



# Miotas na Do-Acmhainneachta

IS É fócas chuid mhór den díospóireacht a bhaineann le haontú na hÉireann cé acu atá nó nach bhfuil sé ar acmhainn airgeadais na hÉireann a bheith aontaithe. Is é fírinne an scéil go bhféadfadh fóirdheontas na Breataine a bheith chomh híseal le £2.7 billiún sa bhliain agus bac dian curtha ag Westminster ar chumas eacnamaíochta an Tuaiscirt.

Cé go bhfuil údar dlísteanaigh imní ag baint le costais agus buntáistí an athaontaithe, bíonn go leor tuairimí gan aon bhunús á gcur in iúl agus tá diúltaithe ag Rialtas na Breataine an fhaisnéis ar fad a chur ar fáil.

D'ainneoin gurb é an cás airgeadais agus na roghanna polasaithe ag rialtais amach anseo in Éirinn

athaontaithe a rachaidh i bhfeidhm, ar deireadh thiar, ar inacmhainneacht na hearnála poiblí, léiríodh ar na mallaibh i dtuairisc de chuid na hInstitiúide Cairte Airgeadas Poiblí (A Balance Sheet for NI's Public Sector) gur mó na sócmhainní (£51.8 billiún) ná na dlísteanaigh (£51.3 billiún) atá ag an Tuaisceart.

Is seift pholaitiúil iad rómheastacháin ar easnamh fioscach an Tuaiscirt ar aidhm dóibh deireadh a chur le díospóireacht ar bith ar aontú na hÉireann.

Bréagnaíonn na figiúirí seo a leanas cuid de na miotais faoin £24.1 billiún - an figiúr a chaitheann stát na Breataine ar Thuaisceart na hÉireann, de réir roinnt tráchtairí.

- ▶ £2.9 billiún de seo caite ag Rialtas na Breataine ar Fhíachas Bank of England, cúrsaí cosanta, srl;

- ▶ £1.1 billiún de seo curtha leis an fhiúir mar gheall ar dhímheas stoc caipitil na Breataine;

Den £20 billiún eile (an tsuim airgid a maíonn Roinn Airgeadais Westminster

a chaitear ar sheirbhísí poiblí sa Tuaisceart):-

- ▶ Caitheann ranna Whitehall £1.1 billiún de seo ar réimsí a socraíonn státseirbhísigh na Breataine a bheith bainteach le Tuaisceart na hÉireann lena n-áirítear, mar shampla, an Oifig Comh-Aireachta, an Oifig Gnóthaí Baile agus an NIO;
- ▶ Is Caiteachas a Bhainistítear ar Bhonn Bliantúil thart ar £1.3 billiún de seo arna riar ag ranna de chuid Rialtas na Breataine ar chóir é a dhéabhlóidiú go

háitiúil sular féidir é a mheas agus a scrúdú mar chaiteachas áitiúil;

- ▶ Leithdháiltear £19 billiún ar an Tuaisceart tríd an Teorainn Caiteachas Roinne (.i. an t-airgead a chaitheann an Feidhmeannas) agus Caiteachas a Bhainistítear ar Bhonn Bliantúil (.i. an t-airgead a chaitear ar íocaíochtaí leas sóisialta sa Tuaisceart);
- ▶ Maíonn Roinn Airgeadais na Breataine, go mearbhlaich, fosta go gcaitear £18.3 billiún d'airgead poiblí sa Tuaisceart.

D'uireasa eolas beacht ó Roinn Airgeadais na Breataine ar féidir é a dhearbhu go neamhspleách, mearbhall is toradh don réimse figiúirí - rud a dhéantar d'aon turas, b'fhéidir.

Is féidir a rá go cinnte, nach bhfuil an figiúr £24.1 billiún cruinn agus gur dócha gur sa raon £18.3 billiún go £20 billiún atá an caiteachas poiblí.

Measadh gur sa raon £14.9 billiún go £15.6 billiún atá an méid ioncain a chruthaítear sa

Tuaisceart. Níl san áireamh anseo an méid Cáin Ioncain, Cáin Chorparáideach, NICanna agus CBL a chruthaítear sa Tuaisceart ach a íocann comhlachtaí Briotanacha agus idirnáisiúnta atá cláraithe i Londain.

Léirítear leis na figiúirí seo gur tuairim ar £2.7 billiún - £5.1 billiún an difríocht idir ioncam agus caiteachas iarbhair, gan cánachas ilnáisiúnta a chláraítear i Londain san áireamh.



**Tá Ciall Eacnamaíochta  
leis an Aontú**

# Tá Ciall Eacnamaíochta leis an Aontú

Léirítear i dtaighde arís is arís eile - i dtéarmaí sinéirgíochtaí, barainneacht scála agus forbairt infreastruchtúir - go bhfuil ciall eacnamaíochta le hÉirinn aontaithe.

Is é fírinne an scéil nach bhfuil buntáiste ar bith ag náisiún beag oileánda dar daonra 6.4 milliún duine ar imeall na hEorpa dhá chóras ar leith cánach, dhá chóras dlí agus dhá chóras forbairt eacnamaíochta a bhíonn in iomaíocht lena chéile a bheith aige.

Ag amanna éagsúla, bhain gnólachtaí ar an dá thaobh den teorainn leas nó a mhalairt as tosca athraitheacha eacnamaíochta dhá chóras ar leith geilleagair.


Ní thaitníonn a leithéid de mhíshocracht le lucht gnó agus ní polasaí inbhuanaithe fadtéarmach é don oileán seo.

Socracht eacnamaíochta an toradh a bheadh ar Éirinn aontaithe le cois cruthú timpeallachta ina dtig le gnólachtaí dul chun cinn. Fás inbhuanaithe eacnamaíochta agus fostaíochta ar fud an oileáin an toradh a bheadh ar an athaontú. Bheadh buntáiste ar leith le breith ag ceantair teorann, ceantair a bhí thíos leis an chríochdheighilt.

Bheadh cothromaíocht ann i gcúrsaí trádála agus ní bheifí i dtuilleamaí malairtí airgeadra nó difríochtaí cánach ar oileán beag amháin.

Réiteodh aontú na hÉireann an bealach faoi choinne 'Branda na hÉireann' agus ghlacfadh an comhoibriú áit na hiomaíochta le hinfheistíocht intíre agus turasóireacht a uasmhéadú agus le táirgí, torthaí agus gnó na hÉireann a uasmhéadú.

Tá clú ardchaighdeán talmhaíochta agus bia ar Éirinn



ar fud an domhain. Chuirfeadh riarachán comhtháite talmhaíochta ar an oileán deireadh le bacainní a bhaineann le lipéadú tír thionscnaimh, dhá chóras clibeála dlínsiúla, trádáil agus rialacháin dhifriúla sláinte ainmhithe. Beidh sé seo le leas feirmeoirí, Thuaidh agus Theas, agus sáróidh sé cumhacht na miondíoltóirí agus na bpróiseálaithe a bhain feidhm as difríochtaí den sórt le praghsanna a ionramháil.

Le margadh aonair fuinnimh, bheifí in ann iomlán tairbhe a bhaint as fuinneamh gaoithe, toinne agus cumhacht agus teas in éineacht (CTÉ) bithmhaise agus na buntáistí a bhaineann leis an Mhargadh Aonair Leictreachais a choinneáil.

## Cuirfidh an tAontú Luas faoin Fhás Eacnamaíochta

IS LE LEAS fhás eacnamaíochta, post agus caighdeáin mhaireachtála ar fud oileán na hÉireann a bheidh athaontú na tíre.

Ar na mallaibh, foilsíodh staidéar piarmheasúnaithe de chuid an Ollaimh Kurt Huebner ó Ollscoil Vancouver (2015) dar teideal Modelling Irish Unification. Sa staidéar seo, measadh gur mó comhchóras eacnamaíochta na hÉireann ná an dá chóras ar leith, Thuaidh agus Theas, faoi thart ar €35 billiún sa bhliain.

Cuireann an staidéar seo leis an bhailiúchán saothair ina ndírítear ar na glanbhuntáistí suntasacha a bheidh le gnóthú as aontú na hÉireann. Ní hann d'aon anailís nó taighde fhiúntach a bhfuil a mhalairt de tháta le baint astu.

Tagann na struchtúir éagsúla eacnamaíochta, Thuaidh agus Theas, salach ar fhás eacnamaíochta na hÉireann. Cuirtear bac ar chomhlachtaí agus ar oibrithe trí luaineacht airgeadra, leibhéil éagsúla clárúchán feithiclí, rátaí difriúla cánach agus éagsúlacht costas.

€3 billiún nó £2.4 billiún a ghineann trádáil uile-oileánda na déantúsaíochta d'Éirinn. Dá gcealófaí na constaicí atá roimh an trádáil seo, thiofadh fás suntasach ar an fhiúir seo. Dá mba ann don chomhtháthú iomlán eacnamaíochta, thiofadh cánachas, rialú agus trádáil chothrom, fhorchéimnitheach dá réir. Chuirfí ar fáil na huirlisí faoi choinne an fháis, na fostaíochta agus timpeallacht ghnó níos fearr ar fud an oileáin.



# Is fearrde an Infheistíocht Isteach an t-aontú

Faoi láthair, tá comhlachtaí éagsúla in iomaíocht lena chéile le hÉire a mhargú faoi choinne infheistíocht isteach. Tá costais riaracháin ag dul leis an dúbailt seo agus laghdaítear an leas atá leis na hinfeistíochtaí de réir mar a chuireann na hinfeisteoirí an Tuaisceart agus an Deisceart in éadan a chéile.

Ba shuntasach an tsinéirgíocht a thiofadh de bharr comhthionchar, gréasáin agus taithí gníomhaireachtaí infheistíocht isteach leis an infheistíocht a mhéadú.

Thabharfadh gníomhaireacht agus polasaí aonair uile-oileánda infheistíocht chun tosaigh agus dhéanfadh siad iarrachtaí reatha ÚFT, InvestNI agus InterTradelreland a chomhtháthú.

Thabharfaí le cheile taithí, saineolas, Thuaidh agus Theas, le cur chuige lán-chomhtháite a chinntiú i leith infheistíochta agus nuála agus le húsáid níos straitéisí chistí AE a éascú.

Chuirfeadh Éire nua, aontaithe an t-oileán chun cinn mar ionad infheistíochta agus rochtana Mhargadh Aonair na hEorpa.

# Is fearrde an Talmhaíocht agus Agraibhia an tAontú

Mar a míníodh cheana, chuirfeadh riarachán comhtháite talmhaíochta ar an oileán deireadh le bacainní a bhaineann le lipéadú tír thionscnaimh, dhá chóras clibeála dlínsiúla, trádáil agus rialacháin dhifriúla sláinte ainmhithe.

Beidh sé seo le leas feirmeoirí, Thuaidh agus Theas, agus tabharfaidh sé dúshlán na miondíoltóirí agus na bpróiseálaithe a bhaineann feidhm as difríochtaí den sórt le praghsanna a ionramháil.

Níl a shárú le fáil maidir le clú na hÉireann as táirgeadh bia ardchaighdeáin. Tuairiscíonn an Bord Bia gur bhain easpórtálacha bia agus dí Dheisceart na hÉireann €10.5 billiún amach in 2014. Shroich easpórtálacha an Tuaiscirt £3.4 billiún or €4.24 billiún (má úsáidtear meánráta malairte 1.24 do 2014) in 2014.

Faoi láthair, cuireann luaineachtaí ráta malairte laincisí ar an áit a dtig le feirmeoirí stoc a dhíol agus a cheannach. Mothaíonn táirgeoirí bainne agus beostoic



sa Tuaisceart gur mó an maorlathas breise a gcaithfidh siad plé leis i gcomparáid lena gcomhghleacaithe sa Deisceart nuair a bhíonn a dtáirgí á dtabhairt trasna na teorann agus cuireann sé seo uile as do chomhchumas easpórtála an dá chuid d'Éirinn.

# Is Fearrde Easpórtálacha an tAontú

D'éascódh aontú na tíre cur chun cinn comhtháite 'Branda na hÉireann' aonair ar fud an domhain, agus muid saor ón dúbailt dhiomailteach ag comhlachtaí difriúla stáit ag cur tháirgí na hÉireann chun cinn. Tá de chumas leis seo na mílte post a chruthú agus easpórtálacha a dhúbailt sna deich mbliana atá romhainn.

I ndiaidh 'Brexit' tá Éire aontaithe níos tábhachtaí

na riamh don tionscal agraibhia. Chiallódh an t-aontú guth aonair, comhsheasmhach lenar fearr a d'fhéadfaí praghas cothrom a ghnóthú ar tháirgí ó mhonarchana feola agus ó phróiseálaithe, le cumhacht na n-ollmhargaí a rialú agus margaí níos fearr a sholáthar ó idirbheartaíochtaí athleasú CBT. Bainfidh Agra-ghnó leas fosta as gluaiseacht shaor ainmhithe ar fud na hÉireann.

## Is Fearrde an Turasóireacht an tAontú

TÁ ÉIRE ar na cinn scríbe is mó tóir ar domhan. Ach tá claonadh sa turasóireacht ó dheas, áfach, go stopann sí ag an líne idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath agus tá tearcforbairt agus gannmhaoiniú i gceist i gceantair na teorann maidir le hinfheistíocht sa turasóireacht. Mar shampla, níor infheistíodh ach 3% de Chlár Infheistíocht Caipitil Turasóireachta Rialtas na hÉireann i gceantair na Teorann ó 2007-2015.

Dá n-aontófaí Éire, bhainfeadh gach cuid den tír a lánacmhainneacht amach. Dhéanfaí Éire a mhargú mar cheann scríbe amháin. Cad chuige nár chóir an cósta ar fad a bheith i gceist i dtionscadail Shlí an Atlantaigh Fhiáin nó Sean-Oirthear na hÉireann?

Bheadh forbairt turasóireachta ar bhonn uile-oileáin le leas ceantar atá anois ar dhá thaobh na



teorann reatha gan amhras. Fostaíocht mhéadaithe agus tuilleadh ioncam cánach an toradh a bheadh ar an turasóireacht in Éirinn aontaithe.

## Réigiún na Teorann a Athrú go Dearfach

BA É A RINNE an chríochdheighilt pobail nádúrtha agus córais gheilleagair nádúrtha i gcontaetha na teorann a scaradh óna cheile. Scaradh Doire ó Dhún na nGall, Fear Manach ó Liatroim agus an Cabhán, Tír Eoghain ó Mhuineachán agus Ard Mhacha ó Mhuineachán agus an Lú.

Dá n-aontófaí an tír, thabharfaí le chéile arís córais áitiúla gheilleagair na réigiún nádúrtha seo agus chealófaí gach bacainn ar thrádáil, tionchar luaineachtaí airgeadra san áireamh. Sholáthrófaí

infheistíocht leis an mhíchothromaíocht a tháinig de bharr na críochdheighilte i bpobail a réiteach trí nascadh le hinfreastruchtúr iompair agus teicneolaíochta amhail forbairt an A5 a nascaídh Baile Átha Cliath, Doire agus Dún na nGall.

Bheadh buntáistí i gceist sa phróiseas pleanáil spásúil sa dá chuid den oileán mar gheall ar thacair sonraí chomhoiriúnaithe agus chomhtháite ar tháscairí daonra, fostaíochta, iompair, tithíocht, miondíol agus timpeallachta.

## Is Fearrde an Geilleagar Eolasbhunaithe an tAontú

Is léir go bhfuil sinéirgíochtaí le gnó soláthar cógas na hÉireann atá ag fás. Is san earnáil phríobháideach atá sé seo go príomha ach d'fhéadfaí é seo a chomhtháthú le seirbhísí sláinte atá faoi stiúir phoiblí agus cur leis trí infheistíocht phoiblí T&F agus oideachais le gurbh earnáil lárnach é i ngeilleagar aontaithe.

Tá sraith comhlachtaí móra lonnaithe i ngeilleagar an Tuaiscirt a fheidhmíonn in earnálacha a bheadh comhlánach le fiontair sa Deisceart, lena n-áirítear próiseáil bia, aeraspás, meaisínre tógála, earraí cógaisíochta, teileachumarsáid agus TF.

Earnáil fhadhbhunaithe eile a bhainfeadh leas as geilleagar aontaithe is ea an earnáil aeraspáis.

Tá innealtóireacht airgeadais fhadhbhunaithe agus seirbhísí a bhaineann le léasú agus le réimsí eile sa Deisceart agus tá acmhainneacht shuntasach thionscal an aeraspáis ag an Tuaisceart. Dá gcomhtháthófaí an earnáil phoiblí, Thuaidh agus Theas, i réimsí bóithre, iarnróid, postais, teileachumarsáide, uisce agus fuinnimh, d'éascófaí méadú suaithinseach táirgeachta agus rachmais.

Dá méadófaí margadh intíre na hÉireann faoi 25% nó níos mó, mhéadófaí acmhainneacht na hÉireann dul san iomaíocht i mórgheilleagar an AE agus mhéadófaí dá réir saibhreas an oileáin ar fad.

Is léir gur féidir an sprioc a bhaineann le córas geilleagair níos mó, níos rachmasaí ar fud oileán na hÉireann a bhaint amach tríd an athaontú.

# **Is Fearrde na Seirbhísí an tAontú**

# Is Fearrde na Seirbhísí an tAontú

IS LÉIR nach bhfuil ciall ar bith le náisiún beag oileánda córais scoite, scaoilte sláinte, oideachais, iompair agus fuinnimh a bheith aige. Lagaigh sé an soláthar agus mhéadaigh sé costais.

Leis an athaontú, thiocfadh infheistíocht éifeachtach, éifeachtúil i seirbhísí poiblí do shaoránaigh, Thuaidh agus Theas, trí dheireadh a chur leis an chóras dhiomailteach seo.

## Seirbhís Sláinte Náisiúnta na hÉireann

Tá Sinn Féin tiomanta do bhunú Sheirbhís Sláinte Náisiúnta na hÉireann, saor in aisce ag an phointe soláthair agus ina dtabharfar cóireáil d'othair ar bhonn riachtanas leighis seachas aon ní eile. Tá deiseanna an-fhollasach i gcomhthéacs na hÉireann aontaithe le hathchumraíocht a dhéanamh ar an dóigh a gcuireann muid seirbhísí sláinte ar fáil ar fud na hÉireann.

Tá aschur an Tuaiscirt maidir le seirbhísí sláinte, 9.5% den gheilleagar, ag cur le meánfhigiúr an ECFE; tá figiúr an Deiscirt, 6.3% áfach, i bhfad níos ísle ná an meán.

Tá an tsuim iomlán airgid a chaitear in aghaidh an duine sa chóras reatha chúlchéimnitheach sa Deisceart níos airde ná mar a chaitear in aghaidh an duine sa Tuaisceart ná sa Bhreatain, ach bíonn fáil ag muintir an Tuaiscirt agus na Breataine ar sheirbhísí níos fearr agus iad saor in aisce ag an phointe soláthair.

Is léir go bhfuil stór saineolais agus acmhainneachta cruinnithe agus bainistithe sa Tuaisceart ar féidir agus ar chóir a sholáthar ar fud an oileáin. Bheadh an-tairbhe le baint ag seirbhís sláinte uile-Éireann as comhroinnt seirbhísí ospidéal géarmhíochaine, sláinte phobail agus leigheas ginearálta.

Tríd an phleanáil sláinte uile-oileánda, d'fhorbrófaí agus dháilfí seirbhísí sláinte ar an dóigh is éifeachtaí. Tá an iomad samplaí de sholáthar seirbhísí sláinte níos fearr trí chur chuige uile-oileánda. Cuireann an comhionad ailse i nDoire seirbhísí ar fáil d'othair ar fud an iarthuaiscirt. Ní gá d'othair as Dún na nGall ná as Doire taisteal go Béal Feirste ná go Baile Átha Cliath le cóireáil a fháil. Ciallaíonn Éire aontaithe Seirbhís Sláinte Náisiúnta na hÉireann a bheidh comhaimseartha, éifeachtach ag soláthar sláinte agus folláine fheabhsaithe do shaoránaigh.



## Is Fearrde an tOideachas an tAontú

TÁ CIALL LE CÓRAS OIDEACHAIS uile-Éireann. De dheasca feidhmiú dhá chóras ar oileán beag amháin, cinntíodh nach bhfuil daltaí in ann institiúidí tríú leibhéal a roghnú ar bhonn rogha agus áisiúlachta.

Chinntedh sé fosta go dtig le tuismitheoirí agus daltaí cois teorann na réamhscoileanna, bunscoileanna agus meánscoileanna is cuí agus is gaire a rochtain.

Bheadh buntáistí airgeadais agus éifeachtúlachta le hÉirinn aontaithe ina bhfuil córas oideachais trína

ndírítear ar gheilleagar inbhuanaithe a chothú, ar chomhroinnt acmhainní agus saineolais agus a éascaíonn teagmháil agus soghluaisteacht idir agus i measc institiúidí, comhpháirtithe agus pearsanra a bhfuil baint acu le cúrsaí oideachais.

Dá dtabharfaí le chéile gach ollscoil ar fud na hÉireann, Thuaidh agus Theas, mar 'Ollscoileanna Éireann', neartófaí Taighde & Forbairt.

Leis an athaontú, d'éascófaí córas saor in aisce oideachais dáiríre do gach saoránach Éireannach.

## Is Fearrde Iompar an tAontú

LE hATHAONTÚ NA TÍRE, cinnteofar go bhfeabhsófar go mór taisteal timpeall na tíre. Níl bailchríoch ar chóras taistil oileán na hÉireann. Cuireadh deireadh leis an chomhphleanáil eacnamaíochta agus infreastruchtúir i ndiaidh na críochdheighilte.

Faoi láthair, ní bhíonn ach 53 turas traenach fillte idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath sa tseachtain. Cuir é seo i gcomparáid leis an 296 turas fillte idir Béal Feirste agus Beannchar sa tseachtain.

Maireann an turas traenach idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath dhá uair an chloig agus níl sé iomaíoch leis an taisteal príobháideach. Is faide an

turas traenach ná an turas bóthair agus tá laghdú ar an líon paisinéirí dá réir. Tranglam, brú agus scrogall a bhíonn i gceist lena lán de shlite iompair na hÉireann, go háirithe sna cathracha agus i gceantair teorann.

Ciallaíonn Éire aontaithe líonra taistil níos fearr, rud a d'fhágfadh é níos fusa ag comhlachtaí earraí agus seirbhísí a iompar, a mhargú agus a dhíol ar bhonn iontaoifa, intuartha uile-oileáin.

Beidh an tír ar fad ceangailte den chuid eile den domhan tríd an oileán ar fad a nascadh le líonra a cheanglaíonn de chalafoirt agus aerfoirt idirnáisiúnta an oileáin.

## Is Fearrde an Phóilíneacht agus Ceartas an tAontú

Tagann an chríochdheighilt salach ar fheidhmiú éifeachtach na póilíneachta agus an cheartais. Le hathaontú na tíre, tiocfaidh an timpeallacht inar fearr agus ar éifeachtaí is féidir úsáid a bhaint as acmhainní a bheidh dírithe ar an phóilíneacht agus ceartas. Chuirfeadh córas aonair ceartas coiriúlachta agus póilíneachta deireadh leis na constaicí a bhíonn roimh chomhroinnt faisnéise agus comhoibrithe.

Cailleann Éire, Thuaidh agus Theas, na billiúin euro

agus punt gach bliain tríd an trádáil mhídhleathach trasteorann. Rachaidh Éire aontaithe i ngleic le trádáil mhídhleathach trasteorann, laghdófar costais phóilíneachta agus beifear in ann acmhainní a dhíriú ar réimsí ríthábhachtacha eile. Chuirfeadh an t-athaontú deireadh le dronganna coirpeach ag úsáid na Teorann lena leas féin agus dá gcuirfí deireadh le praghsanna difriúla breosla, chuirfí deireadh le smuigleáil breosla.


## Is Fearrde Spóirt na hÉireann an tAontú

IS LÁIDRE foirne na hÉireann nuair is foirne uile-Éireann iad. Tá ollchraobhacha agus corónacha triaracha buaite ag foireann rugbaí na hÉireann, d'éirigh go hiontach le dornálaithe ar bhonn idirnáisiúnta, tá galfairí na hÉireann ar thosach an tslua. Mar eagrais uile-Éireann níl sárú CLG le fáil mar eagrais spóirt amaitéarach. Tá níos mó tacaíochta ná

riamh ann faoi choinne foireann sacair uile-Éireann. Níl ciall ar bith le dhá fhoireann 'náisiúnta' a bheith san iomaíocht go hidirnáisiúnta agus an líon beag imreoirí a scoilteadh. Is láidre agus is fearr a éiríonn linn i gcuideachta a chéile. Chruthódh aontú na hÉireann níos mó ioncaim do chlubanna spóirt agus d'imreoirí a bhfuil tallann acu.



# **Plean Oibre i dTreo an Aontaithe**



## Plean Oibre i dTreo an Aontaithe

CAITHFIDH MUINTIR na hÉireann, Thuaidh agus Theas, an ceart daonlathach a bheith acu toadhchái a sochaí a shocrú.

Tá foráil faoi choinne reifrinn ar Athaontú na hÉireann mar chuid dhílis de Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998. I gComhaontú Aoine an Chéasta tá na bunrialacha le haghaidh athrú síochánta, daonlathach bunreachtúil trí reifrinn chomhthráthacha Thuaidh agus Theas.

Tá de cheart ag gach duine in Éirinn toadhchái an oileáin seo a mhúnlú. B'íontach agus ba stairiúil an deis é reifreann ar aontú na hÉireann do gach duine in Éirinn, a chuirfeadh ar ár gcumas vótáil ar son an chineáil rialtais agus sochaí atá de dhíth orainn.

Ní bhaineann an cineál tógáil náisiúin agus athmhuintearais uile-oileáin a bhfuil Sinn Féin ag obair ina dtreo leis an Tuaisceart a dhingeadh isteach i gcóras reatha polaitíochta, chultúrtha agus eacnamaíochta an Deiscirt ach cruthú Éire nua chomhaontaithe dúinn féin uile a chónaíonn in éineacht lena chéile ar an oileán.

Sinne a bhfuil athaontú na hÉireann de dhíth orainn, deirtear linn gur ag cothú imris atá muid. Deirtear linn go n-athaontófar Éire am éigin feasta. Ach is é fírinne an scéil nach dtarlóidh an t-athaontú go díreach cionn is gur mian linn é. Tá straitéis réadúil pholaitiúil de dhíth ina leith ina bhfuil cuspóirí agus bearta follasacha. De thoradh an Phróisis Síochána agus Chomhaontú Aoine an Chéasta, tá córas againn le haontú a ghnóthú. Sinne uile atá i bhfách leis an athaontú, caithfidimid comhbheart a dhéanamh dá réir lena bhaint amach.

Tá Vóta ar Aontú iarrtha ag Sinn Féin le bheith ar siúl sa chéad tréimhse pholaitiúil eile. Tá muid ag iarraidh díospóireacht réasúnach ar an cheist atá bunaithe ar eolas agus meas.

Seo é an t-am lena oiread tacaíochta agus is féidir don aontú a phleanáil agus a chothú. D'fhéadfadh ceannairí na bpáirtithe sin atá i bhfách le haontú na tíre, má ghníomhaíonn siad le chéile, an cuspóir sin a bhaint amach. Ní mór do Rialtas na hÉireann plean cuí a ullmhú don aontú. Céim thosaigh sa chéad tréimhse Oireachtais eile a bheidh i bhforbairt grúpa uile-pháirtí le Páipéar Glas um Aontú a thabhairt chun cinn. Lena chois sin, ba chóir pleananna a fhorbairt faoi choinne Seirbhís Sláinte Náisiúnta uile-oileáin agus seirbhísí poiblí uile-oileáin trí 'Plean Infheistíochta agus Rachmais Éire Aontaithe'. Tráth a mhair sé, chruthaigh Fóram Nua-Éireann spás faoi choinne plé roghanna bunreachtúla le haghaidh an athraithe agus d'fhorbair páipéar cuimsitheach; Economic Options Paper on the Cost of Partition. Theip ar an Fhóram ar an ábhar gur coinníodh Sinn Féin amach as agus go raibh sé ag feidhmiú nuair a bhí veto ag an Bhreatain ar an athrú bunreachtúil.

Tá deireadh le veto na Breataine. Is faoi mhuintir na hÉireann, Thuaidh agus Theas, atá an t-athrú bunreachtúil. Anois an t-am ag gach páirtí a thacaíonn le hAontú na hÉireann teacht i gceann a chéile le cosán a dhearadh i dtreo Éire nua, chomhaontaithe, uileghabhálach, athaontaithe - Éire a bheidh bunaithe ar an chomhionannas agus a bheidh dírithe ar gach saoránach.



**Conclúid -  
ANOIS an tAm**

## Conclúid - ANOIS an tAm

DAR LE SINN FÉIN - agus le go leor eile i ngach cuid de shochaí na hÉireann - is de chroí sochaí a thógáil atá comhaimseartha, forchéimnitheach, uileghabhálach, oscailte agus ag breathnú chun cinn dáiríre, an chríochdheighilt as bhaint as a chéile.

Is gá gur cuid dhílis d'aon iarracht ionraic le muintir an oileáin seo a aontú cur chuige réadúil i leith na n-easaontuithe reatha agus tiomantas dáiríre do phróiseas athmhuintearas náisiúnta.

Ciallaíonn Éire a bheith aontaithe mar is ceart aontas na ndaoine agus is é an t-aon chineál Éire aontaithe atá de dhíth ar Shinn Féin, Éire atá comhaontaithe, uileghabhálach, iolraíoch agus ina mbeidh rannpháirt ag ár saoránaigh uile, de gach cúlra agus traidisiún, ina thógáil.

Is de chroí na ceiste comhoibriú uile-Éireann agus cothú caidrimh idir daoine de thuairimí éagsúla polaitíochta.

Rinneadh dul chun cinn iontach le blianta beaga anuas. B'ionann an Próiseas Síochána agus Comhaontú Aoine an Chéasta agus claochlú stairiúil polaitíochta ar an oileán seo. Don chéad uair, tugadh aghaidh ar chionsiocair na coimhlinte agus osclaíodh slí dhaonlathach i dtreo aontú na hÉireann.

Is é atá de dhíth le hÉirinn aontaithe a thógáil comhaontú cuid shuntasach de na daoine a gcuirtear síos orthu san am i láthair mar aontachtaigh.

De réir sraith pobalbhreitheanna a rinneadh thar thréimhse de bhlianta tá formhór mór bhunadh an Deiscirt i bhfách leis an athaontú.

Idir an dá linn, tá claochlú tagtha ar an Tuaisceart le blianta beaga anuas mar gheall ar an Phróiseas Síochána agus tá athruithe meoin maidir le haontú ar siúl ó bhí reifreann Brexit ann. Ar ndóigh, is é reifreann ar an cheist an t-aon vóta faoi athaontú a bhfuil tábhacht leis.

Ní éilíonn ná ní mian le Sinn Féin úinéireacht ar fheachtas Éire Aontaithe nó an t-éileamh faoi choinne reifreann ar an aontú faoi mar a fhoráiltear i gComhaontú Aoine an Chéasta. Lena chois sin, níor chóir go bhfeicfí a leithéid de reifreann mar bhagairt ar aon chuid den phobal.

Le feachtas reifrinn, tiocfaidh deis faoi choinne díospóireacht cheart, uileghabhálach, chruthaitheach ar thodhchaí an oileáin seo.



Chuirfeadh Vóta ar Aontú ar chumas saoránach, Thuaidh agus Theas, a bheith páirteach i ndíospóireacht réasúnach a bheidh bunaithe ar eolas agus ar mheas faoi athaontú na hÉireann.

Is mar gheall ar an fhéidearthacht reatha go gcuirfeadh Tuaisceart na hÉireann amach as an AE in éadan thoil na ndaoine agus go dtabharfar ar ais fíortheorainn in Éirinn atá ceist athaontú na tíre i gcroílár an chláir polaitíochta arís.

Tá muid ar thairseach tréimhse chinniúnach i stair pholaitiúil na hÉireann.

Is gá do gach duine - as gach páirtí polaitíochta agus as gach cúlra agus slí bheatha - ar mian leo an tír a bheith aontaithe a nguth a ardú ar an cheist anois.

Cuirimis tús leis an díospóireacht.

**MATT CARTHY BPE**

Grúpa Straitéiseach Éire Aontaithe Shinn Féin

Sinn Féin, 44 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1, Éire.  
Teil: (353) 1 872 6100/872 6832  
Facs: (353) 1 889 2566

R-phost: [admin@sinnfein.ie](mailto:admin@sinnfein.ie)

Sinn Féin, 53 Bóthar na bhFál, Béal Feirste, BT12PD, Éire.  
Teil: 028 90 347350  
Facs: 028 90 347386



[www.sinnfein.ie](http://www.sinnfein.ie)

**I DTREO ÉIRE AONTAITHE**  
Plécháipéis de chuid Shinn Féin